

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an iarraidh ón Aontas Eorpach go gcuirfear síneadh ama le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear fabhair uathrialacha trádála do na Balcáin Thiar – Glacadh

1. An 1 Deireadh Fómhair 2026, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (13981/26).
2. An 8 Deireadh Fómhair 2026, scrúdaigh an Coiste um Beartas Trádála (Ionadaithe) an togra ón gCoimisiún agus d'fhormhuinigh sé é.
3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a dhéanamh:
 - an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 13984/26 é, a ghlacadh; agus
 - a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.